# Comórtas Oscailte chun Oifigeach Oideachais do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a cheapadh (bunscoile agus iar-bhunscoile)

## Leabhrán Faisnéise (Nuashonraithe)

# An Clár Ábhar

OIFIGIGH OIDEACHAIS LEIS AN GCOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA ..... 3

1. An Ceapachán ..... 3
2. Freagrachtaí ..... 3
3. Riachtanais ..... 4
4. Luach Saothair ..... 5
5. Saoire Bhliantúil ..... 6
6. Suíomh ..... 6
7. Comhdheiseanna ..... 6
8. Tréimhse Phromhaidh ..... 6
9. Leagan Amach an Chomórtais ..... 6
10. An fhoirm iarratais a chomhlánú ..... 7
11. Spriocdháta ..... 7
12. Incháilitheacht ..... 7
13. Rúndacht agus Cosaint Sonraí ..... 8
14. Freastal ar agallamh ..... 8
15. Cásanna ina measfar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar ..... 9
16. Ceisteanna ..... 9

# Oifigigh Oideachais leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

## 1. An Ceapachán

Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an comhlacht reachtúil a chuireann comhairle ar an Aire Oideachais faoi chúrsaí curaclaim agus measúnaithe don oideachas luathóige, agus do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tá sonraí eile faoi CNCM agus a cuid oibre ar fáil ag www.ncca.ie.

Is mian leis an gComhairle Oifigeach Oideachais a cheapadh le tacú lena cuid oibre i réimse Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) trasna an churaclaim do scoileanna speisialta, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Beifear ag súil go mbeidh cur amach ag an té a cheapfar ar na príomhcheisteanna ábhartha sna hearnálacha ar fad.

Is post lánaimseartha ar bhonn conartha/ar bhonn iasachta a bheidh sa phost go dtí an 31 Lúnasa 2027.

Cabhraíonn na hOifigigh Oideachais leis an bhfeidhmeannas chun cúram na Comhairle a chomhlíonadh mar a shainítear é san Acht Oideachais, 1998, i dtaca le gnéithe áirithe dá cuid oibre. Tuairiscíonn Oifigigh Oideachais don Phríomhfheidhmeannach nó dá (h)ainmní. In oibríochtaí ó lá go lá tuairiscíonn siad do Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó do Stiúrthóir Curaclaim agus Measúnachta.

I dteannta a bheith ag obair le hOifigigh Oideachais ar thionscadail churaclaim agus mheasúnaithe eile, oibreoidh, an té leis an bhfoireann seirbhísí corparáideacha agus le taighdeoirí, comhairleoirí agus saineolaithe de réir mar is gá chomh maith. Freagróidh siad freisin fiosruithe agus iarratais ón earnáil oideachais trí chéile, agus ón bpobal agus ó na meáin de réir mar a thagann siad chun cinn ar mheáin shóisialta agus trí shlite níos traidisiúnta. Bíonn bunús na nOifigeach Oideachais ag plé freisin le líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann lena réimse/réimsí oibre féin.

Is féidir go gcuimseodh gnáthsheachtain oibre an Oifigigh Oideachais, (37 uair an chloig glan ó thréimhsí scíthe agus sosa) cruinnithe le meithleacha forbartha nó boird, cruinnithe le comhghleacaithe, taighde a dhéanamh ar pháipéir agus iad a dhréachtú, obair a dhéanamh ar dhéantáin ilmheán lena bhfoilsiú ar líne, cuir i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha, obair a dhéanamh le grúpaí múinteoirí nó scoileanna – bíonn an obair an-éagsúil agus éilíonn sí solúbthacht agus tionscnaíocht chomh maith le cruthaitheacht, teacht aniar agus samhlaíocht.

## 2. Freagrachtaí

**Oifigeach Oideachais a cheapadh do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (trasna an churaclaim do scoileanna speisialta, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna)**

Tabharfaidh an tOifigeach Oideachais a cheapfar comhairle ar agus tacaíocht d’obair ar fhorbairt churaclaim i réimse Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) do chontanam an oideachais. Agus sin á dhéanamh aige nó aici, beidh sé nó sí

- I mbun príomhróil san obair forbartha ag teacht aníos ó *Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta.*
- ag tacú le forbairtí san oideachais bunscoile, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoile
- oibreoidh sé/sí le struchtúir CNCM ag díriú ar réimse na ISL
- ag tacú le leanúnachas idir na forbairtí san ISL sa churaclam bunscoile agus sa churaclam iar-bhunscoile
- ag obair le scoileanna agus suíomhanna ar na forbairtí atá idir lámha.

Agus an obair seo á déanamh aige/aici, déanfaidh an tOifigeach Oideachais na nithe seo a leanas:
- cur leis an bpróiseas a bhaineann le sonraíochtaí agus treoirlínte curaclaim agus measúnaithe a chur i dtoll a chéile
- tacú agus comhoibriú le múinteoirí chun samplaí de theagasc agus foghlaim a fhorbairt agus a bhailiú, agus chun dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar shamplaí d'obair an pháiste/an scoláire a bhaineann leis na sonraíochtaí a forbraíodh
- dul i ngleic le taighde agus litríocht ábhartha chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí
- páipéir oibre, plédhoiciméid agus dréacht-tuarascálacha a ullmhú mar aon le cáipéisíocht eile dá leithéid maidir le ceisteanna curaclaim agus measúnaithe
- cur le forbairt eolais agus ábhair tacaíochta curaclaim
- cuidiú chun faisnéis a scaipeadh mar gheall ar churaclam agus ar mheasúnú ag gach leibhéal den chóras oideachais
- cur le réimsí oibre níos leithne, de réir mar is gá, a bhaineann le forbairtí speisialta, bunscoile agus iar-bhunscoile
- oibriú go héifeachtach le daoine eile mar bhall foirne agus mar cheannaire foirne, de réir mar a iarrann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a (h)ainmní sin
- ábhair a fhoilsiú, agus ábhair ar leathanaigh ghréasáin agus ar shuíomhanna gréasáin CNCM a chothabháil agus a nuashonrú
- na tascanna riaracháin a bhfuil baint dhíreach acu leis an obair a chomhlíonadh
- tacú le hobair Bhoird agus Mheithleacha CNCM dá bhféadfaí í/é a shannadh
- freastal ar chruinnithe agus/nó labhairt ag cruinnithe na Comhairle ar iarratas an Phríomhfheidhmeannaigh nó a (h)ainmní nó bualadh le grúpaí agus le daoine eile thar ceann na Comhairle

## 3. Riachtanais

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarratasóirí (ar an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe):
- céim aitheanta nó cáilíocht choibhéiseach ghairmiúil nó mhúinteoireachta
- taithí, mar cheannaire nó mar rannpháirtí, ar fhorbairtí churaclaim agus/nó measúnaithe a bhaineann le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i suíomh oideachais
- eolas ar mhachnamh agus taighde reatha maidir le curaclam agus measúnú go ginearálta agus i réimse na teanga comharthaíochta
- eolas cuimsitheach ar chóras oideachais na hÉireann, agus ar ceisteanna reatha curaclaim agus measúnaithe
- leibhéal ard inniúlachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus leibhéal cuí inniúlachta sa Bhéarla/Ghaeilge agus an cumas chun ábhar scríofa ar ardchaighdeán a sholáthar
- sárscileanna idirphearsanta, agus cumas dea-fhorbartha oibriú mar chuid d'fhoireann

- sárscileanna eagrúcháin
- scileanna taighde lena n-áirítear bailiú agus taifeadadh sonraí, anailísiú, achoimriú agus scríobh tuarascálacha
- scileanna maithe sna meáin dhigiteacha.

**Inmhianaithe**

- cáilíocht iarchéime sa sainréimse nó i réimse atá gaolmhar leis
- cumas bheith ag obair trí mheán na Gaeilge, cé nach n-áirítear é seo mar chritéar roghnúcháin
- rochtain ar líonraí gairmiúla san oideachas bunscoile, speisialta agus iar-bhunscoile a bhaineann le teagasc agus foghlaim Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- scileanna agus taithí ar bheith ag obair le suíomhanna gréasáin agus le meáin dhigiteacha
- scileanna bainistíochta tionscadail.

## 4. Luach Saothair

Seo a leanas scálaí tuarastail an Oifigigh Oideachais:

Ranníocaíocht Neamhphearsanta Pinsin
Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás nach gceanglaíonn an dlí ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €60,161 | €63,989 | €66,709 | €69,550 | €72,377 | €75,177 | €78,703 |
| €82,840 | €87,740 | €92,708 | €96,744 | €99,872 | €102,992 | |
| | | | NMAX | LSI1* | LSI2* | |

RPP

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €63,223 | €67,247 | €70,113 | €73,094 | €76,071 | €79,016 | €81,494 |
| €87,205 | €92,358 | €97,592 | €101,841 | €105,122 | €108,412 | |
| | | | NMAX | LSI1* | LSI2** | |

Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás gur státseirbhíseach nó fostaí san earnáil phoiblí é/í an ceapaí, a earcaíodh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin.

* Ag deireadh trí bliana de sheirbhís shásúil ag an uaschéim,
** Ag deireadh sé bliana de sheirbhís shásúil ag an uaschéim.

I ndáil le hiontrálacha nua chuig an tseirbhís phoiblí, ceanglaíonn beartas an Rialtais orainn gach post a líonadh ag an gcéad phointe den scála. Ach duine ar bith a cheapfar ar iasacht ón earnáil

oideachais agus a bhfuil tuarastal níos airde aige/aici ná an chéad phointe de scála na nOifigeach Oideachais, d'fhéadfaí é/í a chur ag pointe iomchuí ar an scála cuí. Tabhair faoi deara go bhfuil liúntais agus a gcur chun feidhme faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus go bhféadfaí iad a athrú. Lena chois sin, d'fhéadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais agus tá an tuarastal faoi réir gach asbhaint reachtúil, lena n-áirítear Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean.

## 5. Saoire Bhliantúil

Seacht lá oibre agus fiche (27) a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, pro rata d'fhad an chonartha. Liúntas é sin a bheidh faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla agus atá bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá. Ní áireofar air na gnáthlaethanta saoire poiblí.

## 6. Suíomh

Tá oifigí ag CNCM i lár chathair Bhaile Átha Cliath* agus i bPort Laoise, Co. Laoise. De rogha air sin, breithneoidh CNCM arbh fhéidir cóiríocht oiriúnach oifige a fháil do bhaill foirne atá lonnaithe i suíomhanna eile faoi réir chead an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Beidh an deis ag foireann CNCM cur isteach ar bheartas um obair chumaisc CNCM nuair a cheaptar sa ról iad. Éascaítear an obair ón mbaile mar chuid den tseachtain oibre faoin mbeartas seo agus cuirtear ról ilchineálach an Oifigigh Oideachais san áireamh, lena n-áirítear freastal ar chruinnithe lasmuigh den láthair oibre, comhairliúcháin agus imeachtaí srl.

**Tá oifig idirlinne ag CNCM ag Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2. É sin ráite, ó thús 2025 beidh oifig CNCM atá i mBaile Átha Cliath lonnaithe in Distillers Building, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 (in aice le líne an Luas).*

## 7. Comhdheiseanna

Fostóir comhdheiseanna is ea an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Déanfar teagmháil le hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta roimh an agallamh ag lorg faisnéise faoi thacaíocht bhreise ar bith a theastaíonn chun freastal ar an bpróiseas agallaimh agus páirt a ghlacadh ann. Déanfaidh an CNCM socruithe réasúnta, nuair is cuí.

## 8. Tréimhse Phromhaidh

Beidh an té a cheapfar faoi réir tréimhse phromhaidh ar feadh sé mhí ar a laghad. Má bhíonn an té a cheapfar sásúil go leor ó thaobh sláinte, iompair, éifeachtúlachta agus feidhmíochta de i gcaitheamh na tréimhse promhaidh, ceapfar i ndiaidh na tréimhse sin iad ar feadh na coda eile den iasacht/ chonradh.

Má mheastar go raibh an tseirbhís míshásúil, cuirfear deireadh leis an gceapachán ar dháta oiriúnach a fheileann do chomhaontú na hiasachta/ don chonradh. (I gcás na hiasachta, cuirfear deireadh leis an gceapachán ag deireadh na scoilbhliana inar cuireadh tús leis an tréimhse phromhaidh).

## 9. Leagan Amach an Chomórtais

Tá sé de cheart ag CNCM iarratasóirí a **ghearrliostú**.

Ar bhonn **agallamh iomaíoch** a dhéanfar an roghnú. Beidh an t-agallamh bunaithe ar na hinniúlachtaí a bheidh riachtanach chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sa chur síos ar na ceapacháin agus i bhfreagrachtaí na bpost. Cuirfidh iarrthóirí a ghlaoitear chun agallaimh sonraí teagmhála triúr moltóirí reatha ar fáil. Déanfar teagmháil le hiarrthóirí sula rachfar i gcomhairle le moltóirí.

D'fhéadfadh sé go dtabharfaí **tasc** d'iarratasóirí **roimh an agallamh** ina mbeidh orthu anailís scríofa a dhéanamh ar cheist bheartais a bhaineann le hobair CNCM agus/nó cur i láthair gairid a ullmhú ar théama a thabharfar. Cuirfear torthaí na dtascanna seo, má úsáidtear iad, ar fáil don bhord agallaimh chun cabhrú leo cinneadh deiridh a dhéanamh maidir leis an iarratas.

Eiseofar sonraí breise faoi na tascanna, lena n-áirítear an dáta sceidealaithe chun iad a chur i gcrích, chuig iarrthóirí ar an ngearrliosta, nuair is cuí.

## 10. An fhoirm iarratais a chomhlánú

Caithfidh iarratasóirí foirm iarratais oifigiúil a chomhlánú don phost Oifigeach Oideachais a bhfuil siad ag cur isteach air, atá ar fáil ar https://ncca.ie/en/about-ncca/corporate-information/careers/.

Ba cheart an fhoirm iarratais oifigiúil chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost ansin chuig eocompetition@ncca.ie. Tá an fhoirm iarratais i bhfoirm Word. Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt. Ná cuirtear aon teastais ná teistiméireachtaí leis an bhfoirm iarratais. Is faoi iarrthóirí atá sé a n-incháilitheacht a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais.

Agus an fhoirm á seoladh isteach, iarrtar ort an cháipéis a ainmniú mar a leanas:

- Oifigeach Oideachais_Teanga Chomharthaíochta na hÉireann_D'AINM.

Tá sé riachtanach go mbeidh ainm an phoist a bhfuil tú ag cur isteach air luaite i líne ábhair an ríomhphoist.

## 11. Spriocdháta

Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú agus í a sheoladh ar ríomhphost chuig eocompetition@ncca.ie tráth nach déanaí ná **12 meán lae, an 19 Nollaig 2024**.

Admhófar gach foirm iarratais. Ba cheart athrú ar sheoladh agus/nó ar sheoladh ríomhphoist a chur in iúl dúinn láithreach.

## 12. Incháilitheacht

Meabhraítear nach ceadmhach d'iarratasóirí cur isteach ar an gcomórtas seo má bhain siad tairbhe as scéimeanna scoir na seirbhíse poiblí a leagtar amach thíos.

**An Scéim Luathscoir Dreasaithe (SLSD)**

Coinníoll is ea é den Scéim Luathscoir Dreasaithe, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, toirmeasc a bheith ar lucht scoir, faoin scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin ní ceadmhach don lucht scoir iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Imlitir 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí**
Tugadh isteach le hImlitir na Roinne Sláinte 7/2010 an 1 Samhain 2010 Spriocscéimeanna le haghaidh Luathscor Deonach agus Iomarcaíocht Dheonach. Coinníoll den scéim le haghaidh Luathscor Deonach is ea nach mbeidh daoine a bhaineann úsáid as an scéim incháilithe lena n-athfhostú in earnáil na sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead poiblí. Baineann an toirmeasc céanna ar athfhostú leis na scéimeanna iomarcaíochta ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach seacht mbliana, agus go mbeidh athfhostú ina dhiaidh sin faoi réir cheadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin cáilithe le cur isteach ar an gcomórtas seo.

**Dearbhú**
Iarrfar ar iarratasóirí dearbhú a thabhairt ar bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscoir dreasaithe na seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí, leis, dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíocht atá acu ar phinsean leis an tSeirbhís Phoiblí (atá á híoc nó á chaomhnú) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó cé acu an fuair siad íocaíocht ina ionad i dtaca le haon seirbhís in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

## 13. Rúndacht agus Cosaint Sonraí

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 caithfear le hiarratais go hiomlán faoi rún.

**Cosaint Sonraí**
Cuireann an CNCM, mar chomhlacht reachtúil na Roinne Oideachais agus Scileanna, comhairle ar an Aire ar churaclam agus ar mheasúnú don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna (Oideachas, 1998, Alt 41). Tugann an Chomhairle faoi iarrthóirí oiriúnacha a earcú, a mheasúnú agus a roghnú lena gceapadh de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Úsáideann CNCM comhaltaí boird seachtracha chun gearrliosta a réiteach agus iarratasóirí a chur faoi agallamh. Faigheann na comhaltaí sin sonraí na n-iarratasóirí chun cabhrú leis na próisis measúnaithe agus roghnaithe. Tá sé de dhualgas ar na comhaltaí faisnéis dá leithéid a choinneáil faoi rún agus slán, agus í a scriosadh i ndiaidh na próisis a chur i gcrích.

Má ghlacann iarratasóirí le poist le CNCM, cuirtear a sonraí lena gcomhad Acmhainní Daonna. Coinnítear sonraí na n-iarratasóirí ar phainéil go dtí go dtéann an painéal in éag. Scriostar na sonraí ina dhiaidh sin. Scriostar sonraí iarrthóirí nach n-éiríonn leo laistigh de thréimhse chuí tar éis críoch a chur leis an bpróiseas earcaíochta. Stóráiltear na sonraí ar fad a bhailítear don earcaíocht go rúnda agus go slán.

## 14. Freastal ar agallamh

Seolfar cuirí chun agallaimh le haghaidh na bPost Oifigigh Oideachais laistigh de chúpla seachtain tar éis an spriocdháta. Is dócha go reáchtálfar na hagallaimh i mí Eanáir 2025. Reáchtálfar agallaimh i mBaile Átha Cliath ar dhátaí sonracha go luath ina dhiaidh sin.

Is faoi na hiarratasóirí uile a bheidh sé a bheith ar fáil chun agallaimh agus pé socruithe is gá a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad teachtaireachtaí a sheolfar chucu ag an seoladh

ríomhphoist a shonraítear ar an bhfoirm iarratais. Ní bheidh an CNCM freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí.

## 15. Cásanna ina measfar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar

I gcás iarratasóirí-

(a) nach soláthraíonn, nuair a iarrtar í, fianaise a éilíonn CNCM maidir le haon ghnó a bhaineann lena n-iarrthóireacht;

(b) nach bhfreastalaíonn ar an tástáil/na tástálacha riachtanach(a) ag an am/na hamanna agus san áit/sna háiteanna a cheapfar,

(c) nó, nach nglacann le ceapachán agus nach dtéann i mbun dualgais mar a socraíodh, nuair a ofráiltear ceapachán dóibh;

measfar go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar acu, mura gcinneann an CNCM a mhalairt faoina lánrogha féin.

## 16. Ceisteanna

Má bhíonn aon cheist agat i ndáil leis an bpróiseas nó an ról, téigh i dteagmháil le recruitment@ncca.ie.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment